Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Eanáir 2022**
**(OR. fr)**

**5449/22**

**AVIATION 10**
**DELACT 10**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15170/21 |
| Ábhar: | Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún an 15.12.2021 lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle maidir le síneadh a chur leis na bearta díolúine sealadacha ó na rialacha maidir le húsáid sliotán i ngeall ar ghéarchéim COVID-19<br>• Rún gan cur i gcoinne gníomh tarmligthe<br>• Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le haghaidh an ghlactha |

1. Chuir an Coimisiún an gníomh tarmligthe thuasluaite faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus in Airteagal 10a(5) de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 maidir le rialacha comhchoiteanna do leithroinnt sliotán in aerfoirt an Chomhphobail[1].

2. Thug an Coimisiún fógra don Chomhairle faoin ngníomh tarmligthe an 15 Nollaig 2021, agus tá go dtí an 15 Feabhra 2022 aici agóid a dhéanamh ina choinne. Chuathas i gcomhairle leis na toscaireachtaí maidir leis an ngníomh tarmligthe.

[1] IO L 14 an 22.1.1993, lch. 1.

3. Ag cruinniú na Meithle um Eitlíocht an 11 Eanáir 2022, faoi aon ghnó eile, tharraing toscaireacht na Beilge aird ar an ngá atá leis na rialacha maidir le díolúine sliotán a leasú agus a shíneadh ar mhaithe le solúbthacht níos mó d'aerlínte a áirithiú i bhfianaise an mheatha atá tagtha chun cinn san aerthrácht, arb é athraitheach Omicron go háirithe is cúis leis sin. Thacaigh a lán toscaireachtaí le seasamh na Beilge.

4. Ina dhiaidh sin, thíolaic toscaireacht na Danmhairge barúlacha i scríbhinn maidir leis an ngníomh tarmligthe, ach níor chuir sí i gcoinne an dréachtghnímh tharmligthe go foirmiúil.

5. Dá bhrí sin, pléadh an gníomh tarmligthe ag cruinniú na Meithle um Eitlíocht an 18 Eanáir 2022. Ag an gcruinniú sin, d'iarr an Danmhairg ar an gCoimisiún, agus tacaíocht aici ó roinnt toscaireachtaí, athmhachnamh a dhéanamh ar an ráta úsáide sliotán a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe. Cé nár thug líon mór toscaireachtaí aon bharúil uathu maidir leis an ngníomh tarmligthe, d'iarr siad ar an gCoimisiún solúbthacht agus aonfhoirmeacht níos mó a áirithiú i gcur i bhfeidhm na rialacha díolúine atá ann cheana, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gclásal *force majeure*, smaoineamh ar shíneadh a chur, sa ghearrthéarma, leis na rialacha reatha díolúine go dtí séasúr geimhridh 2022/23, agus athbhreithniú struchtúrach a dhéanamh ar an Rialachán sa mheántéarma.

6. Mhínigh an Coimisiún Eorpach, ag cruinniú na Meithle, go raibh ráta úsáide sliotán arna leagan síos sa ghníomh tarmligthe i gcomhréir le réamhaisnéisí nuashonraithe bhainisteoir líonra EUROCONTROL agus go raibh dlúthfhaireachán á dhéanamh aige ar a bhfuil ag titim amach maidir leis an aerthrácht. Gan dochar d'athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na rialacha reatha, chuir an Coimisiún in iúl go raibh tús curtha aige le hidirphlé leis na comhordaitheoirí sliotán chun aonfhoirmeacht níos fearr a áirithiú agus na rialacha reatha á gcur i bhfeidhm.

7. Chinn an Uachtaránacht nach raibh agóid déanta ag aon toscaireacht i gcoinne an ghnímh tharmligthe. Dealraíonn sé go bhfuil gá, áfach, le solúbthacht níos mó i dtaca le cur i bhfeidhm na rialacha reatha, go háirithe an clásal *force majeure*, agus nach mór leanúint de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar a dtitfidh amach maidir leis an aerthrácht d'fhonn aon síneadh, más gá, leis na bearta i ndiaidh shamhradh 2022 a thuar.

8. Moltar, dá bhrí sin, go n-iarrfaidh Coreper ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhú nach bhfuil rún aici cur i gcoinne an ghnímh tharmligthe;
- a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2021/2098 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn lena dhearbhú nach bhfuil rún aici agóid a dhéanamh.